B.Oid agus B.Oid & Síceolaíocht Ceithre Bliana

Bíonn an socrúchán scoile scaipthe amach thar na ceithre bliana agus feidhmíonn an seomra ranga agus an scoil mar shuíomhanna foghlama – áiteanna inar féidir *tabhairt* faoi theagasc agus chun foghlaim *faoi* theagasc. Bíonn Socrúchán Scoile i seimeastar an Earraigh de Bhliain 2 mar atá mínithe anseo thíos. Bíonn teagasc ranga aimnithe mar aon le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama na scoile uile mar chuid den Socrúchán seo.

Socrúchán Gairmiúil Bliain 2, 2019/2020

Socrúchán Gairmiúil 3 : Dé Luain, 20 Aibreán - 22 Bealtaine 2020

Ranganna 3 - 6

- **Ar scoil ar feadh sé seachtaine**
- **Tá an mac léinn lonnaithe ina rogha scoile féin agus ag leibhéal ranga idir Rang 3 - Rang 6**
- **Socrúchán aonair – gan páirtnéir**
- **Is é atá i gceist leis an socrúchán ná teagasc uile ranga le rang roghnaithe ar feadh tréimhse trí seachtaine mar aon le rannpháirtíocht struchtúrtha i dtionscnamh teagaisc agus foghlama uile-scoile**

- **Sceideal Múinteoireachta :**

  Seachtain 1 (6-10 Aibreán): Seachtain Ullmhúcháin neamhspleách

  Seachtain 2 & 3 : Ag breathnóireacht, ag plé leis an múinteoir agus mar chuntóir ranga agus ag obair timpeall na scoile

  Seachtain 4 - 6: ag bun teagaisc sa rang roghnaithe

- **Fócas Teagaisc**

  Beidh an curaclam ar fad á mhúineadh ag na mic léinn (lean treoir an mhúinteora faoi thopaicí) Ag cur leis an sceideal teagaisc de réir a chéile

- **Ról an Mhúinteora Chomhoibritheach**
  Ag éascú breathnóireacht agus teagasc an mhic léinn agus comhairle ó bhéal/aiseolas ar fáil do mhic léinn – cuirfear treoir ar fáil do gach múinteoir atá ag comhoibriú linn

- **Feitheoir ón gColáiste** le cuairteanna a thabhairt ar mhic léinn agus iad a mheas (modúl – A1 - F)

Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach